Réalta Connacht clú Pilib

[Carney, James: *Poems on the O'Reillys*, Dublin, 1950, poem 7]

1 Réulta Connacht clú Pilib,
sgola ag éud fán cclú chuirid;
d'eangnamh barr is dó dhlighid,
cló Pilib ann ní fhuighid.

2 Clú Pilib riamh dá rádha,
file thriallas gach taobha
níor iarr nach oighbhe acht éara;
réulla cliar oighre Aodha.

3 Clú Philib na nduas ndoiligh
lingidh suas tar na seanaibh;
lorg Fearghna fá dháimh ndoiligh
oighir cláir Leamhna leanaidh.

4 Iúl deanta [ag] cléir ó gConnla
fán réultain do fhréimh Fhearghna;
do thuill bhloidh fá n-uair umhla
cumhra an tsluaigh ó Mhoigh Mheadhbha.

5 Fóir Bréifne, do dhruim dhlighidh
gur thuill-si ésga an oinigh,
siad riamh dá rádh 'na roghuin,
conuir cliar is dámh ndoiligh.

6 Réulta clú ar coinne cléire
réar mhosguil tnúth gach tíre,
'na deoidh is déanta dhúinne,
réalta núidhe an eoil fhíre.

7 Clú Sinéd cred fá cceilinn ? -
mac Sinéd cnú ós crobhuing;
re [a] ghnaoi [ag] féachuin ní bhfuilim,
féachaidh fuirinn Craoi Conuill.

8 Do ghlac Pilib [tuar tnúidhi],
re a eineach gan bhuain béime,
slat shealbha a-nú go nuaidhe,
Guaire Crú Fhearghna ar fhéile.

9 Iath Gall fá chánaidh cuirid,
ó bheirn gábhaidh ní ghabhuid;
ní fhuair clú feadhma acht Filib,
dlighid crú Fearghna a bhfaghaid.

10 Gnaoi Philib ar dhíol ndeoradh
[ré gnaoi Filib níor féaghadh]
do leath sí mur do saoileadh,
leath Gaoidheal í ’na héanar.

11 Fuair Filib, cidh fáth tnúdha,
re cách do-rinne a raona
clú aige nach foraois éara,
réalla sholas d’fhuil Aodha.

12 Sóisear fine fuair umhla
le mbearar buaidh a mbearna,
[mionn súl ó cCuinn a ccomhla]
dár thuill colbha Múr Meadhbha.

13 Lúth n-eachradh re hucht n-aonaigh
ar tteacht go tulaigh bhféruigh
guais dóibh ’s a n-ibhid d’fhíndigh
mílidh slóigh Philib féghaidh.

14 An té is fhearr is é thoghaid;
ní dhearluic sé acht sirid:
ró teasta riamh dá raghoid,
anuid cliar feasda ag Filib.

15 Cliar Banbha rug a roghuin
re ndearluic a ccrodh cuiridh
ní heimhde re dáimh ndoiligh
oighir Chláir Leamhna leanaidh.

16 Gan dáil séad a cceann chléire,
os lé dearbhthur na daoine,
ní fhéadfa an t-am bhus cruaidhe
réalta nuaidhe Clann Craoidhe.

17 D’iarraidh éara nach faghuid
ní ghéabha siad a sirid,
drud rú asa mbearna bheanaid
leanaid Crú Fearghna Filib.

18 Fríoth sgél ar ógbhaidh Uisnigh
dá sóisear a gcéill casmhail;
do thuill sé ar séan dá ccosnaimh
sgél cosmhail is é arsaidh.

19 Cúig mheic Eachach uair éigin
dar dhual ceannus gach cúigidh,
dréim rú dob iomnár d’ógaibh;
do thógaibh iomrádh clú an chúigir.

20 Tarla ar seilg, ní fios folaigh,
clann dob eighre ar Lios Lughaidh;
gér ghnáth cuirn óir re [a] n-aghaidh
adhaigh dóibh gan cuirm ccubhaidh.

21 Ar ccasg fhulachta an fhiadhaigh
tart na ccuradh níor chéillidh;
clann soin fá roiréidh riaghuil,
coin fiadhaigh Oiléin Éibhir.

22 Téid fear don chúigear churadh
[tart an chúigir ní cheileabh]
gur fríoth sreabh leis nár lamhadh;
aghadh leis ar teagh dteineadh.

23 Fuair éinbhean le taoibh dtobuir,
a féachuin ar-ís dob eaguil,
do dhruid-se oneis ttobuir
d'uisge an tobuir leis leagair.

24 "Mo chuid uisge is fhearr buadha
gan luighe leam ní lémha,"
do ráidh bean go ngné ghránna,
"ní dána mé ar fhear m'éra."

25 Bean an uisge dá homhan,
dá huisge leis níor leanadh;
tonn gliadh na mbruach gan bhloghadh,
cuach folamh go Brian bearar.

26 Triar don chloinn nár dhiúlt deoraidh
le corn Briain ar iúl éinfhir
teid ó Bhrian sul fhuair aoindigh,
faoilidh Niall uaidh gur éirigh.

27 Do ráidh Brian, [gér] dháil doiligh,
le Niall dar ghnáth na geimhil:
"tú an mac do chin dár gcabhair,
tabhair digh lat, a leinibh."

28 Do dhiúlt Niall teacht fán dtobur
don Bhrian dár chneasta creideamh,
go bhfuair mhóid fár mhó ccogadh
mogal cóig ccnó dár creideadh.

29 Do-bhir Brian dó gan diomdha
tós do Niall a ttigh Teamhra
tart Briain do chionn a chabhra,

mionn Banbha a ndiaidh a ndearna.

30 Do ghluais Niall, ar sean seilbhe,
ó Bhrian ar cheann na cuirme;
lán cuaigh do-chóidh don oighre,
fuair coibhche is cóir do chuimhne.

31 Niall Naoighiallach brúich Bhóinne
d’aoinmhianach is Crú Craoidhe;
sé is Filib a gcló a chéile
féile Fhilib dhó is daoire.

32 Do nós Néill mur fhuair umhlacht,
Bréithne d’uaim is dá oighreacht,
rí dá ndlighid gach deighbheart,
eighreacht Filib í dh’oirbheart.

3 Fiú an énchuirn uisge d’umhla
ó réltain Muighe Meadhbha,
fear nach bhfuil ’na dhéidh diomdha,
ní thiobhra, a Néill d’fhuil Fhearghna.

34 Teisd Filib is Néill nuabhuig
re [a] chéile mur sin sínid;
os cionn a tteasta a-táimid,
ráinig sionn feasda fínid.

35 Crann cnuasaigh Fine Fearghna
le Filib uaisle a n-umhla;
tarla crodh Gall ’san gharrdha,
garrdha sgol fán gcrann ccumhra.

36 Ós tú bheireas geall Ghuaire
le heineach a gceann chléire,
bheith dá ghairm ná hiarr uaidhe,
Sliabh Guaire h’ainm ót fhéile.

37 Síol Conuill dán cóir umhla,
crobhuing óir dá mbí Banbha,
rélta an chlu díot go ndearna,
tré chrú Fearghna tríot tarla.

3S Síon geimhridh a gcéill cuiridh
nach feidhm aighneas at aghaidh;
ní hí amh-áin do ghlac roghuin,
tráigh toraidh lat do labhuir.

39 Do shíol Aodha os é thoghaid,
na craobha is léir go lighid;

siad riamh don choill ní caruid,
anuid croinn fiar ó Philib.

40 Fuil Raghollaigh, croinn chumhra
tar [choill] mbladhordhraic mBanbha;
ní hí an choill fá mbiadh biodhbha,
iomdha cliar dan coill chabhra.

41 Mac ríogh gan eiteach n-éinfhir
fá deaghlaigh rí re ríoghaibh;
dá thaobh do thoill bloidh riaraigh,
coill mhianaigh gloin da ghníomhuibh.

42 Tug le héigsibh Cláir Connla
don Bhréifne, ní dáil deaghla,
ár cruidh fá ndlighid diomdha;
biodhbha Filib d’fhuil Fhearghna.

43 Réulta mhíleadh Cláir Chaoine,
ní gnáth fínid dá féile;
rug an geall ar Crú Craoidhe
re clú maoine a cceann chléire.

44 Clú Roise is éigin d’iomrádh
a ttós cléire dá ccoimhriar;
tug druim nach dingneadh feillghníomh
inghean deighríogh fhuinn Oirghiall.

45 Caor bheo na héigse as omhain
Róise gan éara d’fhilidh,
rug tóir ar ógmhnáibh Oiligh,
tógbháil oinigh dhóibh dlighidh.

46 Gnaoi Róise ag breith bháire
’na cnaoí bheo do bhreith chléire;
do shín sé an oirbheart uaidhe
craobh nuaidhe is oirrdhearc fhéile.

47 Do fhréimh Cholla an chraobh dhíona,
craobh do chosuin a fréamha;
slat is cóir mur a craobha,
mac Aodha róinn is rélla.